C/2025/4106

22.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4106)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Beaufort'

Uimh. AE: PDO-FR-0106-AM01 — 23.4.2025

1. **Ainm an táirge**

'Beaufort'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Míniú ar an gcúis a dtagann an leasú nó na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143:

Níl i gceist leis na leasuithe a dtugtar tuairisc orthu agus a dtugtar údar leo athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint ná athrú ar úsáid an ainm sin. Níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(b) ar neamhní, ná níl srianta breise maidir le cur ar an margadh an táirge i gceist leo. Dá bhrí sin, comhlíonann na leasuithe an sainmhíniú ar leasú caighdeánach.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. *An roinn fhreagrach sa Bhallstát*

Tugadh seoladh ríomhphoist INAO cothrom le dáta agus scriosadh an uimhir facs nach bhfuil in úsáid a thuilleadh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

2. *Grúpa iarratasóra*

Athraíodh sonraí teagmhála an ghrúpa iarrthaigh chun an uimhir facs a bhaint, ar uimhir í nach bhfuil in úsáid a thuilleadh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Críochú an limistéir gheografaigh*

Faoi phointe 3, cuireadh na focail 'bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2024' leis.

Leis an leasú eagarthóireachta seo, is féidir an limistéar geografach a shainaithint trí thagairt do leagan 2024 den Chód Geografach Oifigiúil.

Leasaíodh críochú an limistéir gheografaigh. Leathnaíodh limistéar geografach an ATFC 'Beaufort' chun cuid de bhardas Césarches i roinn Savoie a chur san áireamh.

Cé is moite den leasú seo, rinneadh an liosta bardas a a chumsíonn an limistéar geografach agus a n-ainmneacha a thabhairt cothrom le dáta gan teorainn an limistéir gheografaigh a athrú i gcomhréir leis na hathruithe riaracháin a rinneadh ar an gCód Geografach Oifigiúil.

Cuireadh abairt isteach freisin ina bhfuil an fhaisnéis á rá go bhfuil léarscáileanna a chumhdaíonn an limistéar geografach ar fáil ar shuíomh gréasáin INAO.

Leasaíodh an doiciméad aonair faoin gceannteideal 'Sainmhíniú ar an limistéar geografach'.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. ***Sainaithint na n-oibreoirí***

Sonraíodh nach mór d'oibreoirí atá gníomhach le linn cuid den bhliain a dtréimhsí táirgthe a shonrú ar a ndearbhú sainaitheantais.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

5. *Ceanglais maidir le dearbhú*

Cuireadh deireadh leis na ceanglais maidir le dearbhú i gcás táirgeoirí bainne nach ndéanann táirgeadh ach amháin le linn cuid den bhliain.

Tá ualach suntasach riaracháin i gceist leis na ceanglais sin maidir le dearbhú gan na sonraí a tharchuirtear a bheith úsáideach. Ós rud é go bhfuil dáta atosaithe na gníomhaíochta ag brath ar líon mór tosca (e.g. an aimsir), is minic a bhíonn na dátaí atosaithe a chuirtear isteach sách doiléir.

Rinneadh leasú freisin ar na nósanna imeachta teicniúla maidir leis na rothaí cáise a aicmiú chun formhaoirseacht ag an ngrúpa táirgeoirí a chur san áireamh. Is é is cuspóir don leasú sin nach mbeidh na táirgeoirí cáise éagsúla á n-aicmiú ar bhealaí difriúla.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

6. *Sainmhíniú ar an tréad*

Soiléiríodh go dtagraíonn an téarma 'tréad' do na ba déiríochta go léir atá ann ar an ngabháltas, gan beann ar iad a bheith ag lachtadh nó tirim aon tráth áirithe.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

7. *Aiste bia*

Sonraíodh nach mór don tréad a bheith ag innilt laistigh den limistéar geografach. Cuireadh an téarma 'OGM' in ionad an téarma 'trasghéineach' chun gach géinmhodhnú a d'fhéadfadh a bheith ann a thoirmeasc.

Cuireadh an ghoirm choiligh dhíhiodráitithe leis an liosta ábhar beatha i gciondáil gheimhridh na mbó. Fágann an bheatha sin gur féidir aiste bia an tréada a fhorlíonadh agus a éagsúlú. Cuireadh an téarma 'OGM' in ionad an téarma 'trasghéineach' freisin.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

8. *An bainne a phróiseáil*

Scriosadh an fhoráil lena dteorannaítear aistriú an bhainne trí na caidéil. Go deimhin, tá critéar den sórt sin suibiachtúil agus dá bhrí sin ní féidir é a fhíorú. Ina theannta sin, níl aon dreasacht ann le haghaidh táirgeoirí gluaiseachtaí bainne a iolrú.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

9. *Modh táirgthe*

Sonraíodh nach mór gur línéadach é an t-éadach a úsáidtear chun an gruth a mhúnlú.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

10. *Fianaise ar an nasc leis an limistéar geografach*

Faoi phointe 5 den doiciméad aonair, scriosadh teidil na míreanna chun gur fusa an téacs a léamh.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

12. *Mionsonraí sonracha maidir le lipéadú*

Rinneadh leasú chun a shonrú nach mór an t-ainm a bheith sa réimse amhairc céanna leis an tsiombail.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Beaufort’

Uimh. AE: PDO-FR-0106-AM01 — 23.4.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

‘Beaufort’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Fhrainc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ INITE DE BHUNADH AINMHÍOCH, NACH SONRAÍTEAR NÁ NACH nÁIRÍTEAR IN ÁIT EILE

0406 — Cáis agus gruth

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is cáis chócaráilte fháiscthe é ‘Beaufort’ a dhéantar go heisiach as bainne bó iomlán neamhphaistéartha a phróiseáiltear ina staid amh. Déantar é a shailleadh i sáile agus ansin a shailleadh ar an dromchla agus a aibiú ar feadh 5 mhí ar a laghad.

Bíonn an taos bog agus uachtarúil, agus d’fhéadfadh roinnt scoilteanna cothrománacha míne agus cúpla poll beag (ar a dtugtar ‘súil patraisce’ sa Fhraincis) a bheith le feiceáil air. Bíonn na cáiseanna réidh, agus sáil chuasach orthu, idir 20 kg agus 70 kg ar meáchan, mar aon le trastomhas idir 35 cheintiméadar agus 75 cheintiméadar agus airde idir 11 cheintiméadar agus 16 cheintiméadar ar an imeall seachtrach. Bíonn dath glan, teann agus aonfhoirmeach ar an gcraiceann nite, a d’fhéadfadh a bheith sa raon datha ó bhuí go donn. Bíonn cion saille 48 % ar a laghad in ‘Beaufort’ tar éis é a thriomú go hiomlán agus bíonn cion ábhair thirim ann nach féidir a bheith faoi bhun 61 ghram in aghaidh gach 100 gram de cháis aibithe.

Má dhíoltar an cháis i bpíosaí réamhphacáistithe, ní mór cuid de chraiceann sainiúil an ainmniúcháin a bheith ar na píosaí uile. mar sin féin, d’fhéadfadh an craiceann a bheith saor ó screamh cháise. Má dhíoltar an cháis agus í grátáilte, tá toirmeasc ar úsáid a bhaint as an ainmniúchán ‘Beaufort’.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ní mór 75 % ar a laghad de riachtanais an tréada déiríochta maidir le féar tirim agus féarach a sholáthar ó áiteanna laistigh den limistéar geografach. Ní fhéadfar farae a thabhairt isteach ó áiteanna lasmuigh den limistéar ach amháin mar fhorlíonadh ar acmhainní áitiúla. Ní mór go dtarlaíonn innilt laistigh den limistéar geografach.

Ní leor i gcónaí na hacmhainní farae sa limistéar chun na tréada a bheathú. I bhfianaise na ndálaí aeráide agus ithreach, ní féidir beatha shimplí údaraithe nó beatha chumaisc chomhlántach údaraithe a tháirgeadh sa limistéar.

Ós rud é go dtagann formhór mór bheatha bhunúsach an tréada (féar agus féar tirim) ón limistéar geografach agus go bhfuil beatha chomhlántach teoranta go daingean, is beag an tionchar a bhíonn ag an mbeatha sin a tháirgtear lasmuigh den limistéar ar na saintréithe a bhaineann go príomha leis an timpeallacht gheografach.

Ní cheadaítear cineálacha plandaí OGM.

Tá toirmeasc ar tháirgí sadhlais, ar bheatha choipthe eile agus ar laíon biatais ar an ngabháltas.

Ní mór 20 % ar a laghad de riachtanas bliantúil na mbó déiríochta ó thaobh féar tirim a sholáthar ó áiteanna laistigh den limistéar geografach.

Le linn na tréimhse innilte, ní ceadmhach beatha chomhlántach a thabhairt do bha déiríochta ach amháin in imthosca eisceachtúla (tráth breithe lao, baoite blite, teagmhais aimsire gan choinne, líon mór ainmhithe ar féarach agus deireadh an tséasúir).

Ní fhéadfaidh an bheatha chomhlántach a bheith níos mó ná na méideanna seo a leanas:

— nuair a bhíonn na ba ag innilt i bhféaraigh Alpacha: 1,5 kg in aghaidh na bó atá ag lachtadh in aghaidh an lae ar an meán agus an tréad ar fad á chur san áireamh. Roimh an 1 Lúnasa, ní cheadaítear ach gránaigh mar bheatha chomhlántach.

— nuair a bhíonn na ba ag innilt lasmuigh d'fhéaraigh Alpacha: 2,5 kg in aghaidh na bó atá ag lachtadh in aghaidh an lae ar an meán agus an tréad ar fad á chur san áireamh.

Ní mór bainne a úsáidtear chun cáis 'Beaufort' a dhéanamh teacht ó thréada a chuimsíonn ba de na pórtha áitiúla Tarine agus Abondance amháin. Ní fhéadfaidh meántáirgeadh an tréada a bheith níos mó ná 5 000 kg bainne in aghaidh na bó atá ag lachtadh in aghaidh na bliana.

Ní mór bainne a úsáidtear chun cáis 'Beaufort' a dhéanamh teacht ó thréada a chuimsíonn ba de na pórtha áitiúla Tarine agus Abondance amháin. Ní fhéadfaidh meántáirgeadh an tréada a bheith níos mó ná 5 000 kg bainne in aghaidh na bó atá ag lachtadh in aghaidh na bliana.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Táirgtear an bainne agus déantar agus aibítear an cháis laistigh den limistéar geografach.

Ní mór an bainne a thabhairt chuig saoráid an deirí a luaithe is féidir tar éis an bhleáin; mar sin féin, arna iarraidh sin don cháiseoir, nuair a úsáidtear umair chuisnithe ar an bhfeirm, ní fhéadfar an bainne a thabhairt chuig saoráid an deirí ach uair amháin sa lá. Sa chás sin, ní mheasctar an bainne ó na bleáin éagsúla ach amháin ag an déirí ina ndéantar an cháis tráth an mhonaraithe. Má dhéantar an bainne a phróiseáil go díreach ón mbó is féidir buntréithe an bhainne, ar toradh iad ar éagsúlacht fásra na móinéar ina mbíonn na ba ag innilt, a chaomhnú sa cháis. Ciallaíonn sé sin freisin gur cáis lánsaille é 'Beaufort', a dhéantar as bainne nár bearradh agus úsáid á baint as tréithchineálacha fiáine tosaitheoirí.

Aibiú na cáise i siléar fuar, céim fhíor-riachtanach chun a cáilíocht a áirithiú, sin an chéim ar lena linn atá na dálaí aeráide chomh gar agus is féidir do na dálaí a bhíonn ann ag na láithreáin ard-airde ina ndéantar an cháis agus ina bhfuil sí go hiomlán comhsheasmhach le monarú cáise lánsaille.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

De bhreis ar an bhfaisnéis éigeantach a éilítear leis na rialacha maidir le lipéadú agus cur i láthair earraí bia, ní mór an méid seo a leanas a áireamh ar lipéadú cáiseanna ar a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh 'Beaufort' sa réimse amhairc céanna:

— ainm an ainmniúcháin i gcló atá ar a laghad dhá thrian de mhéid an chló is mó ar an lipéad,

— siombail ATFC an Aontais Eorpaigh.

Ní fhéadfar aon cháilitheoir ná tásc eile a chur in éineacht leis an ainmniúchán tionscnaimh ar an lipéad, in ábhar margaíochta, ar shonraisc ná i ndoiciméid tráchtála, cé is moite den mhéid seo a leanas: - ainmneacha branda nó trádmharcanna sonracha; - roinnt téarmaí: 'samhradh' agus 'chalet d'alpage', a fhéadfar a úsáid faoi na coinníollacha a leagtar síos sa tsonraíocht.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaíonn an réigiún táirgeachta 'Beaufort' limistéar ard sléibhe roinn Savoie agus áirítear sliabhraonta Beaufortain, Val d'Arly, Tarentaise agus Maurienne agus dhá earnáil thadhlacha in Haute Savoie. Cumhdaíonn sé críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2024:

Roinn Savoie:

Bardais a áirítear ina n-iomláine:

Aime-la-Plagne, Albiez-le-Jeune, Albiez-Montrond, (Les) Allues, Aussois, (Les) Avanchers-Valmorel, Avrieux, (La) Bâthie, Beaufort, (Les) Belleville, Bessans, Bonneval-sur-Arc, Bourg-Saint-Maurice, Bozel, Brides-les-Bains, Cevins, (La) Chambre, Champagny-en-Vanoise, (La) Chapelle, (Les) Chapelles, (Les) Chavannes-en-Maurienne, Cohennoz, Courchevel, Crest-Voland, Esserts-Blay, Feissons-sur-Salins, Flumet, Fontcouverte-la-Toussuire, Fourneaux, Freney, (La) Giettaz, Grand-Aigueblanche, Hautecour, Hauteluce, Jarrier, Landry, (La) Léchère, Modane, Montagny, Montricher-Albanne, Montsapey, Montvalezan, Montvernier, Mo bhfuiltiers, Notre-Dame-de-Bellecombe, Notre-Dame-du-Cruet, Notre-Dame-du-Pré, Orelle, Peisey-Nancroix, (La) Plagne-Tarentaise, Planay, Pralognan-la-Vanoise, Queige, Rognaix, Saint-Alban-des-Villards, Saint-André, Saint-Avre, Saint-Colomban-des-Villards, Saint-Etienne-de-Cuines, Saint-François-Longchamp, Saint-Jean-de-Maurienne, Saint-Jean-d'Arves, Saint-Julien-Mont-Denis, Saint-Marcel, Saint-Martin-de-la-Porte, Saint-Martin-d'Arc, Saint-Martin-sur-la-Chambre, Saint-Michel-de-Maurienne, Saint-Nicolas-la-Chapelle, Saint-Pancrace, Saint-Paul-sur-Isère, Saint-Rémy-de-Maurienne, Saint-Sorlin-d'Arves, Sainte-Foy-Tarentaise, Sainte-Marie-de-Cuines, Salins-Fontaine, Séez, Tignes, (La) Tour-en-Maurienne, Tours-en-Savoie, Val-Cenis, Val-d'Isère, Valloire, Valmeinier, Villard-sur-Doron, Villarembert, Villargondran, Villarodin-Bourget agus Villaroger.

Is iad a leanas na bardais a áirítear i bpáirt: Albertville ina bhfuil na codanna cadastracha E2, E3 agus E4, Césarches de réir theorainneacha an limistéir táirgeachta gheografaigh mar a d'fhormheas coiste náisiúnta inniúil na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Márta 2025.

Roinn Haute-Savoie

Bardas atá san áireamh ina iomláine: Praz-sur-Arly.

Is iad a leanas na bardais a áirítear i bpáirt: (Les) Contamines-Montjoie aa chuimsíonn na codanna cadastracha D8 (go páirteach), E6, E7, E8 (go páirteach), F5 (go páirteach), F6 (go páirteach), F8 (go páirteach), F9, F10, F11, F12 agus F13.

Rinneadh léarscáil lena sainítear teorainneacha an limistéir táirgeachta gheografaigh a thaisceadh le húdaráis bhardasacha na mbardas lena mbaineann agus is féidir breathnú uirthi ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Saintréith den timpeallacht nádúrtha a bhaineann leis an ainmniúchán 'Beaufort' is ea masaíocht na nAlp Inmheánach, mar a shainítear go príomha le masaíocht criostalta inmheánacha dlútha, chomh maith le carraigeacha dríodair i gcrios Briançonne agus, go páirteach, masaíocht criostalacha seachtracha áit ina bhféadfadh carraig dhríodair de chineál sceall bog a bheith le feiceáil.

Is éard atá i limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh comhéadan idir na hAlpa thuaidh agus na hAlpa theas, comhéadan sa chiall is beaichte den téarma, ar comhéadan é inar talamh féaraigh buan 95 % den limistéar a úsáideann an earnáil déanta cáise agus baineann sé an leas is fearr as na buntáistí sin:

— leibhéal sách ard báistí (gan bheith róthrom) agus ithir dhomhain a cheadaíonn dóthain féir a fhás chun cothú leordhóthanach a sholáthar le haghaidh feirmeoireacht ba déiríochta;

— flóra éagsúlaithe ina bhfuil saibhreas plandaí aramatacha atá inchomparáide le talamh féaraigh tirim.

Saintréith de chuid limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh 'Beaufort' a chumhdaíonn masaíf Beaufortain, gleannta Tarentaise, Maurienne agus cuid de Val d'Arly is ea féaraigh shléibhe fhairsinge (92 % d'aonaid thréadacha Savoie).

Ar na féaraigh shléibhe sin, forbraíodh cleachtais thréadacha nach bhfuil le fáil ar an scála céanna in áiteanna eile sna hAlpa ina n-aonar ná ina n-iomláine, cleachtais ar córas agraithréadach aonair iad. Saintréith de chuid an chórais sin is ea úsáid ilsrathach fásra lena ngabhann úsáid chomhlántach buin gleanna, fána agus féaraigh sléibhe. Leanann daoine agus ainmhithe fás an fhéir, agus cumasaíonn láithreacht laethúil na ndaoine an bleán ar an láthair agus bainistiú cúramach féir ar bhealach a chuidíonn leis na féaraigh nádúrtha a choinneáil ar bun.

Tá athrú tagtha le himeacht aimsire ar an gcóras agraithréadach atá i bhfeidhm ó bhí an 17ú haois ann ach tá an córas sin dílis i gcónaí dá phrionsabail.

Cuimsíonn na féaraigh shléibhe a úsáidtear le linn 100-110 lá i gcaitheamh an tsamhraidh na gnéithe seo a leanas:

— na sléibhte arda, áit a mbíonn tréad mór ag innilt (50-150 bó déiríochta). Tógadh conairí chuig an bhféarach sléibhe agus laistigh de, rud a fhágann gur féidir le meaisíní bleáin soghluaiste an tréad a leanúint, agus taistealaíonn an tréad thar achar idir 1 500 m agus 2 500 m chun fás an fhéir a leanúint. Tá an tréad comhdhéanta de roinnt tréada a thugtar le chéile.

— na bunchnoic, áit a mbíonn tréada de chuid teaghlaigh ar leithligh ag innilt. Ba ghnách bleán a dhéanamh i mbotháin níos lú a úsáideadh mar dhéirithe agus ag airdí níos ísle, agus is minic a dhéantar bleán sna déirithe sin, cé go bhfuil an cleachtas sin ag éirí níos annaimhe.

Féadfar an bainne (go háirithe sna sléibhte arda) a phróiseáil ar an láthair, ach bailíonn déirithe atá suite ag bun na ngleannta an chuid is mó de, ar déirithe iad a dhéanann cáis ar fud na bliana. Caitheann na tréada an geimhreadh sna gleannta sin. Déantar féar sna limistéir a fhágann na tréada i rith an tsamhraidh.

Tharla gluaiseachtaí ba déiríochta lasmuigh den limistéar i gcónaí:

— caitheann líon áirithe ba déiríochta (ar le táirgeoirí 'Beaufort' iad) an geimhreadh sna machairí;

— maidir le ba eile, ar le feirmeoirí ísealchríche iad, ní théann siad isteach sna tréada sa limistéar ach amháin le linn an tséasúir innilte sna móinéir Alpacha.

Is cuidiú iad na bodóga maidir le criosanna dóiteáin a choinneáil ar bun in Var le linn thréimhse an gheimhridh. Idir na gleannta agus na féaraigh sléibhe tá limistéar idirmheánach ar a dtugtar 'montagnette', áit a gcoimeádtar na tréada ar feadh tamaill san earrach agus san fhómhar.

Saintréith de chuid an limistéir táirgeachta is ea traidisiún feirmeoireachta eallaigh, go háirithe ba de chuid na bpórtha Tarine agus Abondance. Baineann sé sin go háirithe leis an bpór Tarine, a thagann ó Ghleann Tarentaise. In 1963 scríobh E. Quittet an tuairisc seo a leanas: 'tá seasmhacht agus friotaíocht iontach ag an pór Tarentaise in aghaidh na ndálaí maireachtála is deacra, mar gheall, den chuid is mó, ar an gcaoi a maireann sé (agus é ag caitheamh an tsamhraidh ar fhéaraigh Alpacha ag airdí idir 1 500 agus 2 000 méadar). Fanann dea-bhail ar bha den phór sin ar feadh i bhfad, d'ainneoin laonna a bhreith go tráthrialta. Tá cumas iontach ag na ba chun gairbhseach a úsáid le linn thréimhse an gheimhridh agus, ag an am céanna, chun táirgeacht inghlactha bainne a choimeád ar bun fós. Is bó bhainne shármhaith í an Tarentaise, go háirithe in aeráidí crua'

Déanann cion ard saille cháis 'Beaufort' idirdhealú idir í agus cáiseanna cruabhrúite eile.

Forbraíodh an teicníc go luath sa 17ú haois chun cáiseanna brúite cócaráilte a dhéanamh agus scaip siad go tapa chuig gach limistéar sléibhe in oirthear na Fraince. Tháinig sé chun bheith indéanta ag feirmeoirí i réigiún 'Beaufort' fanacht go dtí an geimhreadh sula ndéanfaidís an bainne a dhíol agus a thomhailt, bainne a bhí á thairgeadh go flúirseach ar fhéaraigh shléibhe le linn an tsamhraidh. Is amach as an ngátar a cruthaíodh an teicníc sin ar dtús ach ina dhiaidh sin bhain sé amach saintréithe ar leith a bhaineann go díreach leis an timpeallacht (úsáid bainne iomláin agus aibiú i siléar fionnuar).

Le linn an tsuirbhé talmhaíochta a rinneadh in 1929, úsáideadh an t-ainm 'Beaufort' chun idirdhealú soiléir a dhéanamh idir é agus cáiseanna eile *gruyère*. 'Deir an cigire foraoiseachta go ndíoltar cáis *gruyère* Beaufort faoin ainm "Beaufort" feasta seachas "Gruyère" amháin, rud a fhágann gur féidir é a dhíol ar phraghas níos airde'.

In 1945, le Foraithne 45-1245 lena sainítear cáiseanna uile na Fraince, deonaíodh úsáid an ainm 'Beaufort' i gcás gach cáis 'a mhonaraítear go heisiach ó bhainne bó, agus é cócaráilte, brúite agus tirimshaillte...'. Sa lá atá inniu ann is féidir idirdhealú a dhéanamh idir 'Beaufort' agus na cáiseanna brúite cócaráilte eile go léir, go háirithe mar gheall ar an méid seo a leanas:

— bainne amh iomlán a úsáid chun é a mhonarú díreach tar éis bleáin;

— múscán adhmaid ar a dtugtar 'cercle à Beaufort' a úsáid, rud a thugann sáil chuasach don cháis;

— úsáid teicnící traidisiúnta cáiseoireachta, go háirithe ionaclú le lachtbhachaillíní teirmifileach arna saothrú ag an gcáiseoir;

— taos go hiomlán nó beagnach gan phoill a bhuí leis an aibiú i siléir fionnuar.

Ceann de shaintréithe orgánaileipteacha ar leith 'Beaufort' is ea go mothaíonn an taos teann sa bhéal ar dtús ach go leánn ansin gan a bheith róghreamaitheach. Ní mór cineálacha éagsúla dea-bholaithe a bheith air, gan aon cheann acu a bheith róláidir.

Mar thoradh ar na saintréithe comhshaoil a thuairiscítear, tá flóra an-saibhir agus raon an-ilchineálach plandaí ann. Maidir leis na grúpaí fíteashochelaíocha uile atá dúchasach do thailte féaraigh, do fhraochmhánna agus do mhóintigh agus a úsáidtear le haghaidh innilt Alpach, is féidir teacht orthu sa limistéar táirgeachta.

De réir roinnt staidéar, mar shampla Dorioz et al. (2000), Dorioz 1995, INRA 1994, Dorioz agus Van Oort 1991, Legros et al. 1987 agus Dorioz 1995, tá an-athraitheacht agus an-ilchineálacht ag baint leis na móinéir, ina bhfuil idir 250 agus 300 speiceas san iomlán. Ag brath ar threo agus uillinn claonta na gcarraigeacha agus ar na cineálacha ithreach, is féidir teacht ar sholáthar farae an-éagsúil le linn lá innilte.

Níl aon amhras faoin bhflóra blasta sin ach gur meascán aramatach blas atá ann a léirítear i mblas agus i gcumhrán suaitheanta cháis 'Beaufort' (Dumont agus Adda 1978, Buchin et al. 1999 agus Asselin et al. 1999 in Dorioz et al. 2000).

Tá an córas tréadach bunaithe ar an leas is fearr is féidir a bhaint as an éagsúlacht shaibhir fásra sin agus úsáid á baint as tréada de na pórtha eallaigh áitiúla Tarine agus Abondance, a shaothraítear de réir cleachtais thréadacha atá go hiomlán bunaithe ar an timpeallacht. Ina theannta sin, tríd an gcáis a dhéanamh as bainne díreach ón mbó, is féidir buntcháilíochtaí an bhainne atá nasctha le hilchineálacht an fhlóra a chaomhnú. Ciallaíonn sé sin freisin gur cáis lánsaille é 'Beaufort', a dhéantar as bainne nár bearradh agus úsáid á baint as tréithchineálacha fiáine tosaitheoirí. Cuireann úsáid fonsa dronnaigh ar chumas na gcáiseoirí oiriúnú do na héagsúlachtaí suntasacha sna cainníochtaí bainne a tháirgtear i bhféaraigh na nAlp, an teocht laistigh den cháis a choinneáil ar bun le linn brú agus cruth an rotha a chobhsú. Is é aibiú na cáise i siléar fionnuar, ar céim fhíor-riachtanach í chun cáilíocht na cáise a áirithiú, an chéim inarb iad na dálaí aeráide an chéim is gaire is féidir dóibh siúd a bhíonn ann ag na suíomhanna ard-airde ina ndéantar an cháis agus atá go hiomlán comhsheasmhach le monarú cáise lánmhéathrais.

Is córas comhleanúnach iad na teicnící táirgthe bainne agus cáiseoireachta, ina n-iomláine, ar córas é atá nasctha le saintréithe an táirge, rud a fhágann gur féidir ilchineálacht na ndea-bholaithe a dhíorthaítear ón bhflóra ar leith a chur in iúl go dtí go bhfuil an táirge deiridh ann.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-f7903f6f-258b-447a-b978-cfa35c7a0112